

GRADAM DON
CHATHAIR IS
INROCHTANA
2025

#EUAccessCity

Foirm Iarratais

Spricodhata: 10 Meán Fómhair 2024 (23:59- ASLE)

Tabhair faoi deara:

- Is chun críche tagartha amháin an doiciméad Word seo.
- **Caithfear iarratais a chur isteach trí chlárúchán ar líne (tríd an leathanach gréasáin um iarratais amháin).**
- **Áirítear spásanna san uaslíon carachtar atá ar fáil le haghaidh gach freagra.**
- Ba cheart foirmeacha iarratais a chomhlánú i mBéarla más féidir, ach **glacfar le teangacha oifigiúla eile AE* chomh maith. Ní ghlacfar le haon teangacha eile.**
- **Ní ghlacfar ach le hiarratais a bhfuil na critéir incháilitheachta á gcomhlíonadh acu.**
- Sula gcomhlánófar an fhoirm, léigh an **nóta treorach** agus **rialacha an chomórtais** a ghabhann léi go cúramach. Tá siad ar fáil i dteangacha oifigiúla go léir an Aontais Eorpaigh.
- Tá an Rúnaíocht (secretariat@accesscityaward.eu) ar fáil chun cabhrú le ceisteanna a bhaineann le comhlánú na bhfoirmeacha a shoiléiriú. Níl tábhacht le caighdeán teangeolaíoch maidir le d'iarratas a mheasúnú. Is ag brath ar ábhar do ghníomhaíochtaí maidir le hinrochtaineacht a bheidh do chuid deiseanna an gradam a bhuachan.

* Tá 24 teanga oifigiúil ag an Aontas Eorpach: Béarla, Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Spáinnis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Sualainnis agus Ungáiris.

A. AITHEANTAS CATHRACH

Ainm na cathrach:

Tír:

Méid na cathrach (líon na n-áitritheoirí):

Tuairisc ghairid ar an gcathair (700 carachtar ar a mhéad, spásanna san áireamh*)

B. RAON FEIDHME NA DTIONSCNAMH†

Tabhair tuairisc ghairid ar na tionscnaimh atá ann cheana féin agus na cinn atá pleanáilte, agus tagair do na ceithre réimse seo a leanas:

- a. inrochtaineacht ar an timpeallacht thógtha agus ar spásanna poiblí.
- b. inrochtaineacht ar iompar agus ar bhonneagar gaolmhar.
- c. inrochtaineacht ar fhaisnéis agus ar chumarsáid, lena n-áirítear teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.
- d. inrochtaineacht ar shaoráidí agus ar sheirbhísí poiblí.

2600 carachtar ar a mhéad agus spásanna san áireamh.

C. ÚINÉIREACTH / LEIBHÉAL GEALLTANAIS

Déan cur síos ar do chur chuige agus ar an straitéis dhomhanda chun inrochtaineacht i do chathair a fheabhsú agus conas atá an polasaí nua á chur chun feidhme nó conas atá sé beartaithe é a chur chun feidhme.

1300 carachtar ar a mhéad agus spásanna san áireamh.

D. TIONCHAR

1) Conas a d'fheabhsaigh beartas/tionscnaimh na cathrach rochtain chomhionann agus cáilíocht saoil daoine faoi mhíchumas? Tá sé tábhachtach tionscada(i)l a bhfuil daoine faoi mhíchumas intleachtúil páirteach ann/iontu a lua.

1300 carachtar ar a mhéad agus spásanna san áireamh.

2) Conas a théann na tionscnaimh seo chun tairbhe, seachas daoine faoi mhíchumas, réimsí níos mó den daonra?

1300 carachtar ar a mhéad agus spásanna san áireamh.

* Gearrfa na freagraí nuair a shroichfear teorainn na gcarachtar.

† Tabhair faoi deara gur mar chomhchiallaigh is gá féachaint ar “Raon feidhme na dtionscnamh” agus “Ábharthacht do na cuspóirí” (féach rannóg 4.2 Critéir an ghradaim de Rialacha an Chomórtais) laistigh de chreat an chomórtais seo.

E. CAIGHDEÁN AGUS INBHUANAITHEACTH NA dTORTHAÍ

1) Conas a chinntíonn tú caighdeán agus inbhuanaitheacht beart inrochtaineachta?

1300 carachtar ar a mhéad agus spásanna san áireamh.

2) Céard iad na pleananna agus na tionscnaimh atá agat chun leanúint leis na hiarrachtaí seo amach anseo?

1300 carachtar ar a mhéad agus spásanna san áireamh

3) Ceist roghnach nach mbeidh tionchar aici ar mheasúnú an iarratais (Ní gá don iarratasóir an cheist seo a fhreagairt mura bhfuil sé ábhartha)

An bhain do chathair úsáid as cistí AE riamh? Conas a chuireann do chathair do shaoránaigh ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le cistí AE?

1300 carachtar ar a mhéad agus spásanna san áireamh

F. RANPHÁIRTÍOCHT DAOINE FAOI MHÍCHUMAS AGUS COMHPHÁIRTITHE ÁBHARTHA

1) Déan cur síos ar rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas, a n-eagraíochtaí ionadaíocha agus saineolaithe inrochtaineachta i bpleanáil, cur chun feidhme agus cothabháil pholasaithe agus thionscnaimh na cathrach atá dírithe ar inrochtaineacht a mhéadú.

1300 carachtar ar a mhéad agus spásanna san áireamh.

2) An ndéanann tú gníomhaíochtaí múscaillte feasachta nó faisnéise maidir le hinrochtaineacht? An malartaíonn agus an gcomhroinneann tú taithí agus dea-chleachtais le cathracha eile ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus/nó Eorpach? Má tá a leithéid i gceist, déan cur síos orthu.

1300 carachtar ar a mhéad agus spásanna san áireamh.

3) Ar phléigh tú le míchumas i dtionscnaimh eile a rinneadh i do chathair? Más amhlaidh gur phléigh, is féidir leat tagairt d'aon tionscnamh a raibh do chathair ag obair air, fiú mura raibh sé dírithe go díreach ar dhaoine faoi mhíchumas, má rinneadh bearta chun inrochtaineacht a fheabhsú nó feasacht faoi mhíchumas agus inrochtaineacht a mhúscaill.

1300 carachtar ar a mhéad agus spásanna san áireamh.

G. CÉN FÁTH A BHFUIL AN GRADAM TUILLTE AG DO CHATHAIR?

Déan cur síos gairid ar an mbeartas agus ar na gníomhaíochtaí inrochtaineachta ar an iomlán. Mínigh an chúis a bhfuil do thorthaí agus beartas inrochtaineachta do chathrach iontach maith agus an chúis a gcreideann tú go bhfuil an Gradam tuillte agat.

Uasmhéid 1300 carachtar agus spásanna san áireamh

H. CÉ ACU DE DO CHUID TIONSCNAMH CHUN FEABHAS A CHUR AR INROCHTAINÉACHT ATÁ DÍRITHE AR BHONNEAGAR SPÓIRT INROCHTANA A FHORBAIRT?

Tabhair samplaí de thionscnaimh inar oibrigh tú chun bonneagar spóirt inrochtana a chur ar fáil, lena chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus in imeachtaí spóirt. Déan cur síos freisin ar cé acu a bhí nó nach raibh pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara ábhartha páirteach sa phróiseas chun an tionscnamh a dhearadh agus a chur chun feidhme agus conas a bhí siad rannpháirteach.

Uasmhéid 2000 carachtar lena n-áirítear spásanna



I. CÁ HÁIT AR CHUALA TÚ FAOI CHOMÓRTAS AN GHRADAIM DON CHATHAIR IS INROCHTANA 2025?

[Is féidir freagraí iomadúla a thabhairt]

- Ríomhphost ó rúnaíocht an Ghradaim don Chathair is Inrochtana
- Glaoch ó rúnaíocht an Ghradaim don Chathair is Inrochtana
- Na meán shóisialta (Facebook, LinkedIn, Instagram, etc.)
- Nuachtán
- Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh
- Institiúidí eile de chuid AE (e.g. Coiste na Réigiún)
- Líonraí AE na gcathracha (e.g. Eurocities, Polis, ENAT)
- An Fóram Eorpach maidir le Míchumas nó eagraíocht eile ar leibhéal AE do dhaoine faoi mhíchumas
- Eagraíocht náisiúnta/áitiúil daoine faoi mhíchumas
- Comhghleacaí
- Eile (sonraigh le do thoil) (+ BOSCA TÉACS)

J. ÁBHAR TACAÍOCHTA

- Le cois na faisnéise atá curtha ar fáil san fhoirm iarratais, ní mór d'iarrthóirí Dearbhú an Mhéara, an Dearbhú ar Bhriathar, an Fhoirm Eintitis Dhlítheanaigh (FED) agus an Fhoirm Aitheantais Airgeadais (FAA), a uaslódáil.
- Chomh maith leis sin, tugtar cuireadh d'iarrthóirí cur i láthair deich sleamhnán PowerPoint a uaslódáil – nó nasc chuige a sheoladh – chun léargas a thabhairt ar an iarratas agus aird a tharraingt ar na pointí láidre ann.
- Is féidir suas le cúig chomhad (is é 10 MB an t-uasmhéid do chomhad amháin) nó nasc a uaslódáil. Is féidir na comhaid uaslódáilte sin a bheith scríofa i dteanga náisiúnta ballstáit de AE, atá ag glacadh páirt sa chomórtas.
- Ní mór gach doiciméad uaslódáilte a ainmniú go cuí. Ba cheart go sonrúfaí go soiléir in ainm an chomhaid an méid atá sa chomhad.
- B'fhéidir go soláthrófaí roinnt faisnéis achoimre bhreise maidir le hábhar na ndoiciméad tacaíochta sa réimse thíos.

Uaslódáil comhad:

Cuir nasc leis:

3000 carachtar ar a mhéad agus spásanna san áireamh

K. TEAGMHÁLAÍ AGUS NAISC GHRÉASÁIN

Ainm:

Post / Feidhm:

Uimhir theileafóin:

Ríomhphost:

Suíomh gréasáin oifigiúil na cathrach:

Leathanaigh ghréasáin a d'fhéadfadh a bheith dírithe ar an inrochtaineacht:

Seoladh poist (chun comhfhreagras a fháil ón gCoimisiún Eorpach):

SÉANADH: Mura bhfuil a mhalairt á iarraidh go sainráite ag an gcathair rannpháirteach, is féidir na téacsanna atá curtha isteach a chur ar fáil don phobal ar [shuíomh gréasáin an Ghradaim don Chathair is Inrochtana](#). Beidh ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 á gcomhlíonadh agus sonraí pearsanta a bpróiseáil.

